Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Bealtaine 2016 (OR. en, sk)**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2014/0032 (COD)**

**8355/16**
**ADD 1 REV 1**

**CODEC 535**
**AGRI 212**
**VETER 42**
**AGRILEG 57**
**ANIMAUX 13**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le coinníollacha zóiteicniúla agus gineolaíocha i dtaca le pórú agus trádáil ainmhithe pórúcháin folaíochta, muca pórúcháin hibrideacha, agus táirgí geirmeacha díobh san Aontas agus lena dtabhairt isteach san Aontas agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 652/2014, Treoir 89/608/CEE ón gComhairle agus Treoir 90/425/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse an phóraithe ainmhithe ("An Rialachán maidir le Pórú Ainmhithe") (an chéad léamh)<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh (GR + R)<br>= Ráitis |

**<u>Ráiteas ón gCoimisiún</u>**

Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir go bhfuil sé contrártha le teachtaireacht agus le spiorad Rialachán 182/2011 (IO L 55 an 28.2.2011, lch. 13), pointe (b) den dara fomhír de mhír 4 d'Airteagal 5 a agairt ar mhodh córasach. Níor cheart dul i muinín na forála sin ach amháin má tá gá sonrach ann imeacht ón riail láimhe, is é sin go bhféadfaidh an Coimisiún dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh mura dtugtar aon tuairim. Toisc gurb eisceacht é ón riail ghinearálta a bunaíodh le mír 4 d'Airteagal 5, ní féidir glacadh le dul i muinín phointe (b) den dara fomhír mar "cumhacht lánroghnach" de chuid an Reachtóra, agus ní mór ciall a bhaint as ar bhealach sriantach agus, mar sin, údar a bheith leis.

## Ráiteas ón Ungáir

I bprionsabal, is díol sásaimh don Ungáir an t-athbhreithniú ar an reachtaíocht reatha maidir le zóiteicnic.

Tugann an Ungáir dá haire gur tháinig feabhas mór ar théacs an togra maidir leis an rialachán ar an leibhéal teicniúil le linn an phlé leis na saineolaithe sa Chomhairle agus, is mór aici an obair a rinne na huachtaránachtaí uile agus iad ag déileáil leis an gcomhad seo.

Mar sin féin, cé go n-aontaíonn an Ungáir leis an rún an reachtaíocht sa réimse sin a thabhairt chun dáta, ba cheart don chleachtas díriú ar rialacha comhchuibhithe a fhorbairt do speicis bhreise, agus ní féidir go mbrisfí na struchtúir dhea-fheidhmithe laistigh de na Ballstáit mar gheall ar an gcleachtas sin nó go lagófaí iad mar gheall ar an gcleachtas sin. Cuireann an Ungáir i bhfáth go bhfuil treoir oiriúnach chun na críche sin agus go mbeadh sí oiriúnach chun na críche sin i gcónaí, rud nach mbeadh rialachán. Tá an Ungáir den tuairim freisin gur cheart níos mó béime a chur ar chosaint na bithéagsúlachta sa réimse sin le dlí an Aontais.

Ní fhéadfaidh an Ungáir tacú leis an togra reatha maidir le rialachán ar an cúiseanna sin.

## Ráiteas ón nGearmáin

Staonann Poblacht Chónaidhme na Gearmáine ón vótáil mar nach ndearnadh na pointí tábhachtacha a leanas a réiteach go sásúil:

1. Eagraíochtaí pórúcháin a aithint

Ní aithnímid eagraíochtaí pórúcháin nach dtugann ceart ballraíochta do phóraitheoirí, mar gur thrí chur chun feidhme chláir phórúcháin folaíochta amháin a áirithítear go bhféadfaidh na póraitheoirí aonair cinneadh a dhéanamh i leith na gclár pórúcháin d'ainmhithe pórúcháin folaíochta, na cláir sin a shainmhíniú agus leanúint d'fhorbairt a dhéanamh orthu.

Creideann an Ghearmáin go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh tionchar díreach ag póraitheoirí ar an gclár pórúcháin.

2. An rogha tástálacha feidhmíochta agus meastóireachtaí géiniteacha (LP/ZWS) a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta mar chúram ceannasach

Creideann an Ghearmáin gur cheart foráil a dhéanamh do rogha leis an roinn achtúcháin freisin - mar a dhéantaí go dtí seo - chun go bhféadfaí tástáil ar fheidhmíocht agus meastóireachtaí géiniteacha a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta mar chúram ceannasach.

3. Na cúiseanna teicniúla atá leis na cláir phórúcháin a dhiúltú

Níor cheart a bheith in ann clár pórúcháin a dhiúltú ach sa chás ina mbeadh daonra an phóir sin faoi bhagairt dá bhformheasfaí clár pórúcháin eile don phór céanna - atá i mbaol cheana.

**Ráiteas ó Phoblacht na Slóvaice**

Tuigeann an tSlóvaic na cúiseanna atá le rialacha comhchuibhithe a ghlacadh do mhargadh na n-ainmhithe pórúcháin agus táirgí geirmeacha díobh agus is mór aici an iarracht a rinne na hUachtaránachtaí uile lena mbaineann le feabhas a chur ar an togra trí na hábhair imní teicniúla uile a bhí ag na Ballstáit a chur san áireamh. Mar sin féin, tá eagla ar an tSlóvaic go dtiocfaidh fadhbanna móra chun cinn mar gheall ar an rialachán nua agus go mbeidh drochthionchar aige ar an gcóras atá ann cheana agus ar eagrú na ngníomhaíochtaí pórúcháin sa tSlóvaic. Bunaítear na heagraíochtaí póraitheoirí agus na heagraíochtaí pórúcháin eile lena mbaineann chomh maith le struchtúr iomlán an chórais phórúcháin sa tSlóvaic ar thraidisiún seanbhunaithe agus déantar iad a eagrú ar leibhéal an-ghairmiúil. D'fhéadfadh cobhsaíocht struchtúr eagrúcháin seo na ngníomhaíochtaí pórúcháin a chur go mór i mbaol dá nglacfaí an togra. Tugtar léirscaoileadh suntasach maidir le gníomhaíochtaí pórúcháin san Aontas isteach leis an togra le haghaidh rialacháin freisin, agus d'fhéadfadh go mbeadh tionchar diúltach acu ar Bhallstáit áirithe i dtéarmaí an oiread agus a bhíonn siad ag brath ar allmhairiú ainmhithe pórúcháin agus táirgí geirmeacha díobh. Chomh maith leis sin, glacann an tSlóvaic leis gur cheart níos mó cumhacht cinnteoireachta a bheith ag údaráis inniúla na mBallstát i gcás cláir phórúcháin a bheith á gcomhlíonadh ag eagraíochtaí pórúcháin, a bhunaítear agus a aithnítear i mBallstáit eile, ina gcríocha. Is den tábhacht é go ndéantar an t-éagsúlacht ghéiniteach a chaomhnú a mhéid a bhaineann le póir thráchtála a thógtar go forleathan, i bhfoirm cláir aonair pórúcháin a dhéantar i ngach Ballstát agus a ndéanann údaráis inniúla an Bhallstáit maoirseacht orthu.

Mar gheall air sin, tar éis dul i mbun comhairliúchán críochnúil le hionadaithe na n-oibreoirí san earnáil phórúcháin ainmhithe sa tSlóvaic agus tar éis na ngnéithe dearfacha agus diúltacha uile a ghabhann leis na rialacha nua comhchuibhithe a bhreith go cúramach, ní fhéadfaidh an tSlóvaic tacú leis an togra.